LÉARGAS TURASÓIREACHTA

Le Maoiniú Píolótach ó Fáilte Ireland
National Tourism Development Authority

AONAD 2 – Gairmeacha sa Turasóireacht agus san Aíocht

LEABHAR OIBRE AN MHIC LÉINN

Arna fhorbairt ag an Institiúid Teicneolaíochta, Trá Lí, i gcomhar le hInstitiúid Aíochta na hÉireann

Réamhrá

Sé do bheatha agus fáilte romhat go dtí an leabhar oibre seo do mhic léinn, atá ceaptha le tacú leat ar do thuras trí aonad ar líne Léargas Turasóireachta. Is comhthionscadal é Léargas Turasóireachta idir Fáilte Ireland, Institiúid Aíochta na hÉireann agus an Institiúid Teicneolaíochta, Trá Lí. In aonad a haon thugamar réamheolas duit ar an turasóireacht agus ar an aíocht in Éirinn le cuidiú leat tábhacht na hearnála d'Éirinn a thuiscint, mar fhoinse ioncaim agus mar bhealach le híomhá dhearfach den tír a thabhairt thar lear. Ach is earnáil seo a bhfuil oibrithe ag teastáil uaithi, a lán oibrithe. Tá sé d'aidhm ag an aonad seo thú a spreagadh do mhachnamh a dhéanamh an bhféadfadh spéis a bheith agat ina leithéid de ghairm agus, dá mbeadh, a chur in iúl duit cá bhfaighfeá tuilleadh eolais ar chonairí gairme.

Is iad na torthaí foghlama d'aonad a dó:

1. Machnamh a dhéanamh ar do scileanna agus ar do thréithe féin agus machnamh a dhéanamh an bhéadfadh gairm a bheith ann duit san earnáil
2. Thú a chur ar an eolas maidir le réimse de róil fhéideartha san earnáil
3. Eolas a thabhairt duit ar chonairí gairme agus oideachais isteach san earnáil

An acmhainn ar líne agus an leabhar oibre a úsáid

Tá an t-aonad seo ceaptha ionas gur féidir meascán den acmhainn ar líne agus an leabhar oibre a úsáid le hoibriú tríd. Tríd an aonad tá roinnt gníomhaíochtaí ann atá ceaptha le tacú le d'fhoghlaim agus molaimid duit, mar sin, tabhairt faoi na gníomhaíochtaí seo.

Do bhealach a dhéanamh tríd an Aonad Ar Líne

Le dul chun tosaigh cliceáil ar 'AR AGHAIDH >' agus le dul siar cliceáil ar '< ROIMHE' sa chúinne thíos ar dheis.

Chomh maith leis sin tá 'Roghchlár' ann sa chúinne thuas ar dheis. Má chliceálann tú ar seo gheobhaidh tú roghchlár anuas ónar féidir leat ceann ar bith de na leathanaigh is mian leat a roghnú.

Tá rogha eile ann, 'Acmhainní', sa chúinne thuas ar dheis. Nuair a chliceálann tú air seo gheobhaidh tú nasc go dtí doiciméad PDF.

Nuair is gá treorófar thú go dtí gníomhaíocht sa leabhar oibre seo.

Gníomhaíocht – An bhfuil sé oiriúnach dom?

Sa ghníomhaíocht seo táimid ag iarraidh ort an mhionteist oiriúnachta seo a ghlacadh le thú a spreagadh chun smaointe agus lena fheiceáil an dtaitneodh earnáil na turasóireachta agus na haíochta leat. Níl freagraí cearta nó míchearta ann; níl ann ach go bhféadfadh cuid de na freagraí oiriúnacht don tionscal a léiriú.

Mar shampla, an dtaitníonn sé leat a bheith ag obair i láthair oibre a bhfuil luas lasrach fúithi nó nach bhfuil aon dá lá mar an gcéanna inti; an dtaitníonn sé leat bualadh le daoine – fiú más féidir le roinnt custaiméirí thú a chur faoi bhrú!

Murar smaoinigh tú ar earnáil na turasóireachta agus na haíochta roimhe mar rogha ghairme féadfaidh an teist ábhar machnaimh a thabhairt duit agus thú a spreagadh an réimse leathan gairmeacha féideartha agus roghanna oideachais a fhiosrú. Nuair a bheidh an teist déanta agat scríobh an scór céatadáin a fuair tú sa bhosca seo thíos. Déan tráchtaireacht ghairid ar do thuairim ar an scór agus a thionchar ar do thuairim faoi ghairm fhéideartha san earnáil – an bhféadfadh sé a bheith oiriúnach duit?

%

_____

_____

_____

_____

_____

Gníomhaíocht – Liosta Gairmeacha

Anois agus tú eolach ar na hearnálacha éagsúla sa tionscal, déan liosta de na poist a d'fhéadfadh a bheith ar fáil. Nuair a bheidh do liosta déanta agat níl le déanamh agat ach cliceáil ar an gcúinne thuas ar dheis agus breathnú ar an doiciméad dar teideal 'Liosta Gairmeacha' agus a fhéachaint cé mhéad de na poist ó do liosta atá ar ár liosta. D'fhéadfadh sé a bheith ina chuidiú an liosta a dhéanamh in ord aibítre.

Gníomhaíocht – Cúrsaí iar-Ardteistiméireachta

Cliceáil ar an nasc dar teideal 'Tairseach Gairmeacha' ar an sleamhnán. Tabharfaidh seo thú go leathanach ar a bhfuil eolas a bhaineann go sonrach le cúrsaí aíochta agus turasóireachta. Le cúrsa a roghnú cliceáil ar ainm an chúrsa; ar an gcéad leathanach eile cliceáil ar an nasc:

Sonraí Cúrsa - ó shuíomh gréasáin an choláiste

Roghnaigh trí chúrsa ó thrí áit agus freagair na ceisteanna seo a leanas:

Teideal an chúrsa: _____

An coláiste: _____

Cód an chúrsa: _____

Táillí (má luaitear iad): _____

Ábhar an chúrsa: _____

_____

Teideal an chúrsa: _____

An coláiste: _____

Cód an chúrsa: _____

Táillí (má luaitear iad): _____

Ábhar an chúrsa: _____

_____

Teideal an chúrsa: _____

An coláiste: _____

Cód an chúrsa: _____

Táillí (má luaitear iad): _____

Ábhar an chúrsa: _____

_____

Gníomhaíocht – Iontráil CAO

Cliceáil ar an táb 'Acmhainní' le do thoil thuas sa chúinne ar dheis agus cliceáil ar an doiciméad PDF dar teideal 'Coláiste'. Mar a fheicfidh tú, tá réimse leathan cúrsaí aíochta agus turasóireachta ó chúrsaí ardteastais leibhéal 6 go gnáthchéimeanna leibhéal 7 agus céimeanna onóracha leibhéal 8.

Sa ghníomhaíocht seo táimid ag iarraidh ort na ceisteanna seo a leanas a fhreagairt:

1. **Cé mhéad coláiste ardoideachais a chuireann ar fáil cúrsa aíochta nó turasóireachta? _____**
2. **Cé mhéad coláiste a chuireann ar fáil cúrsaí ardteastais, agus cad iad na coláistí iad? _____**

   _____

   _____
3. **Cad iad na coláistí a chuireann ar fáil rogha atá bunaithe ar obair?**

   _____

   _____

   _____
4. **Roghnaigh aon chúrsa is spéis leat agus cliceáil ar an nasc go dtí an coláiste ábhartha leis na rudaí seo a leanas a fháil amach:**
   a. **Pointí Iontrála CAO _____**
   b. **An bhfuil socrúchán oibre ar an gcúrsa? _____**
   c. **Liostaigh cúig mhodúl ar bith den chúrsa?**

      _____

      _____

      _____

Gníomhaíocht – Scéal Shorcha

Tar éis duit breathnú ar an bhfíseán táimid ag iarraidh ort na rudaí seo a leanas a dhéanamh:

a) **Liostaigh cuid de na poist a bhí ag Sorcha go dtí seo.**

_____

_____

_____

b) **Déan cur síos ar na cineálacha rudaí a d'fhéadfadh sí a dhéanamh ina saol oibre laethúil mar bhainisteoir?**

_____

_____

_____

c) **Cad iad na féidearthachta atá ann dá gairm de thoradh ar fhreastal ar choláiste?**

_____

_____

_____

d) **Luann Sorcha líonrú cúpla uair san fhíseán; cén fáth a bhfuil líonrú tábhachtach, dar leat?**

_____

_____

_____

e) **Tar éis duit breathnú ar an bhfíseán conas is fearr, dar leat, cur síos ar ról bainisteora óstáin?**

_____

_____

_____

Maith thú as aonad a dó a chur i gcrích. Cuimhnigh nach bhfuil an t-aonad seo ceaptha ach le blaiseadh a thabhairt duit ar an réimse gairmeacha féideartha i dtionscal na Turasóireachta agus na hAíochta. Coinnigh thú féin ar an eolas, labhair le daoine sa tionscadal, seiceáil na suíomhanna gréasáin ábhartha mar www.failteireland.ie nó www.tourismireland.com; b'fhéidir go smaoineoidh tú ar phost páirtaimseartha; cuideoidh sé seo go léir leat a shocrú an bhfuil gairm mar seo oiriúnach duit.